Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**12885/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0277(NLE)**

**POLCOM 241**
**SERVICES 61**
**FDI 53**
**COLAC 149**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (‘an Comhaontú’)[1] i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

(2) Le hAirteagal 33.1(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhairle um Thrádáil, atá, de bhun Airteagal 33.1(5) den Chomhaontú, lena rialacha nós imeachta féin agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a bhunú sa chéad chruinniú dá cuid.

(3) Tá an Chomhairle um Thrádáil, sa chéad chruinniú dá cuid, le cinneadh a ghlacadh maidir lena rialacha nós imeachta agus le cinneadh a ghlacadh maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(5) Ba cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L, 2024/2953, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/2953/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2024/3016, 20.12.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3016/oj).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*